# Prótacal COVID-19 um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte

## Seicliosta 7 - Ionadaí Oibrithe

**Forbraíodh an seicliosta seo chun cabhrú leo siúd a roghnaíodh mar Ionadaí Oibrithe a ról a thuiscint chun cabhrú le leathadh COVID-19 ina n-ionad oibre agus sa phobal a chosc. Tá tuilleadh eolais le fáil ar www.Gov.ie, www.hse.ie, www.hpsc.ie agus www.hsa.ie**

| Uimh. | Beart Rialaithe | ✓Tá | ✓Níl | Gníomh a theastaíonn |
|---|---|---|---|---|
| 1. | An bhfuil tú tar éis comhaontú le d'fhostóir nó do bhainisteoir feidhmiú mar Ionadaí Oibrithe do d'ionad oibre nó limistéar oibre? | ☐ | ☐ | |
| 2. | An bhfuil eolas agus oiliúint tugtha ag d'fhostóir duit faoi ról an Ionadaí Oibrithe? | ☐ | ☐ | |
| 3. | An bhfuil tú ag coinneáil ar an eolas faoin gcomhairle is deireanaí ón Rialtas faoi COVID-19? | ☐ | ☐ | |
| 4. | An bhfuil comharthaí agus siomptóim COVID-19 ar eolas agat? | ☐ | ☐ | |
| 5. | An bhfuil a fhios agat cén chaoi a leatar an víreas? | ☐ | ☐ | |
| 6. | An bhfuil a fhios agat cén chaoi le cabhrú le leathadh COVID-19 a chosc? | ☐ | ☐ | |
| 7. | An bhfuil ionduchtú faighte agat roimh fhilleadh ar d'ionad oibre? | ☐ | ☐ | |
| 8. | An bhfuil tú ag cabhrú le do chomhghleacaithe a choinneáil ar an eolas faoin gcomhairle is deireanaí ón Rialtas faoi COVID-19? | ☐ | ☐ | |
| 9. | An bhfuil an fhoirm COVID-19 um fhilleadh ar an obair comhlánaithe agat agus tugtha do d'fhostóir? (Féach ar an teimpléad don fhoirm um Fhilleadh ar an Obair) | ☐ | ☐ | |

| Uimh. | Beart Rialaithe | ✓Tá | ✓Níl | Gníomh a theastaíonn |
|---|---|---|---|---|
| 10. | An bhfuil tú ar an eolas faoi na bearta rialaithe atá i bhfeidhm ag d'fhostóir chun an baol go nochtfaí thú féin agus daoine eile do COVID-19 a laghdú a oiread agus is féidir? (Féach ar Sheicliosta 2 - Bearta Rialaithe) | ☐ | ☐ | |
| 11. | An bhfuil d'fhostóir tar éis dul i gcomhairle leatsa agus na bearta rialaithe sin á gcur i bhfeidhm? | ☐ | ☐ | |
| 12. | An bhfuil bealach cumarsáide rialta agat le d'fhostóir nó do bhainisteoir? | ☐ | ☐ | |
| 13 | An bhfuil tú ag comhoibriú le d'fhostóir chun a chinntiú go gcloítear go leanúnach leis na bearta rialaithe sin? | ☐ | ☐ | |
| 14. | An bhfuil tú ar an eolas faoi na riachtanais ghlantacháin a theastaíonn chun cabhrú le traséilliú a chosc? (Féach ar Sheicliosta 5 - Glantachán agus Díghalrú) | ☐ | ☐ | |
| 15. | An bhfuil d'fhostóir tar éis a iarraidh ort siúl thart ar d'ionad oibre/limistéar oibre gach lá agus seiceáil go bhfuil na bearta rialaithe i bhfeidhm agus go bhfuiltear ag cloí leo go leanúnach? (Ag úsáid Sheicliosta 2) | ☐ | ☐ | |
| 16. | An bhfuil tú ag tuairisciú aon fhadhbanna, réimsí neamh chomhlíonta nó fabhtanna a fheiceann tú le d'fhostóir/bhainisteoir láithreach? | ☐ | ☐ | |
| 17. | An bhfuil tú ag coinneáil taifid ar aon fhadhbanna, réimsí neamh chomhlíonta nó fabhtanna agus ar an ngníomh a rinneadh chun an cheist a leigheas? | ☐ | ☐ | |
| 18. | An bhfuil tú ar an eolas faoina bhfuil le déanamh má léiríonn duine éigin siomptóim COVID-19 ag an obair? | ☐ | ☐ | |
| 19. | An bhfuil tú ag comhoibriú le d'fhostóir chun limistéar leithlisithe agus bealach sábháilte chuig an limistéar sin a shainaithint? (Féach ar Sheicliosta 4) | ☐ | ☐ | |
| 20. | An bhfuil tú ag cabhrú, mar chuid den fhoireann freagartha, le bainistiú duine a léiríonn siomptóim COVID-19 ag an obair? | ☐ | ☐ | |
| 21. | Nuair atá an té ar a bhfuil na siomptóim tar éis an t-ionad oibre a fhágáil, an bhfuil tú ag cabhrú leis an ngníomh leantach a theastaíonn a mheas? | ☐ | ☐ | |

| Uimh. | Beart Rialaithe | ✓Tá | ✓Níl | Gníomh a theastaíonn |
|---|---|---|---|---|
| 22. | An bhfuil tú ag cabhrú leis an loga teagmhála oibrithe a choinneáil? | ☐ | ☐ | |
| 23. | An bhfuil tú ar an eolas faoi aon athruithe ar phleananna éigeandála nó nósanna imeachta garchabhrach i d'ionad oibre? | ☐ | ☐ | |
| 24. | An bhfuil tú ar fáil do do chomhghleacaithe chun éisteacht le haon ábhar imní nó moltaí atá acu faoi aon bhearta COVID-19? | ☐ | ☐ | |
| 25. | An bhfuil tú ag tarraingt an t-ábhar imní nó na moltaí sin anuas le d'fhostóir nó do bhainisteoir, agus ag tabhairt a bhfreagra siúd ar ais don oibrí a phléigh an cheist leat? | ☐ | ☐ | |
| 26. | An bhfuil a fhios agat cé na tacaí atá ar fáil duit má airíonn tú imníoch nó faoi bhrú agus an bhfuil tú chun an t-eolas sin a roinnt ar do chomhghleacaithe? | ☐ | ☐ | |
| | **Eolas Breise** | | | |
| | | | | |

**Ainm:** _____ **Síniú:** _____ **Dáta:** _____

*Is chun críche oideachais amháin an t-eolas atá sa treoir seo, agus níl sé cuimsitheach. Níl sé ceaptha comhairle dlí a chur ort, agus níor cheart duit brath ar an eolas mar chomhairle dá leithéid. Ní thugaimid aon bharánta sainráite ná intuigthe i leith chruinneas nó iomláine an eolais. Ní bheidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi dhliteanas ar aon bhealach ná go feadh méid ar bith i leith aon damáistí, caillteanais ná costais dhíreacha, indíreacha, speisialta, theagmhasacha nó iarmhartacha a eascraíonn as úsáid an tseicliosta seo.*